# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009

## STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(160 Marc)**

Dé Máirt, 9 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí, de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

1. **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála, le Mórleabhar agus le Comhardú Trialach.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Is stór troscáin é Ó CLÉIRIGH Tta.

**(A)** Déan na Bearta Creidmheasa seo a leanas a thaifeadadh i Leabhar na nDíolachán agus i Leabhar na gCeannachán ag Ó CLÉIRIGH Tta do mhí na Márta 2009. Breac na figiúirí cuí ó na leabhair i gCuntais an Mhórleabhair.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1/3/2009 | Dhíol earraí ar cairde le CRANN Tta | Uimh. Shonraisc 4 | €24,000 + CBL 21½ % |
| 2/3/2009 | Dhíol earraí ar cairde le RÚSC Tta | Uimh. Shonraisc 5 | €19,000 + CBL 21½ % |
| 3/3/2009 | Cheannaigh earraí ar cairde ó COILL Tta | Uimh. Shonraisc 74 | €15,000 + CBL 21½ % |

(15)

**(B)** Déan na Bearta Bainc seo a leanas do mhí na Márta a thaifeadadh sa Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim ag Ó CLÉIRIGH Tta. Breac na figiúirí cuí sna Cuntais Mhórleabhair.

Nóta: Miondealaigh na Bearta Bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil airgid seo a leanas:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Taobh an Dochair (Fáltais):** | Banc | Díolacháin | CBL | Feichiúnaithe | |
| **Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí):** | Banc | Ceannacháin | CBL | Creidiúnaithe | Árachas |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2/3/2009 | D'íoc árachas | Seic Uimh. 56 | €7,500 |
| 4/3/2009 | Loisteáladh Díolacháin ar Airgead Síos | | €78,975 (€65,000 + CBL €13,975) |
| 5/3/2009 | Ceannacháin le hathdhíol | Seic Uimh. 57 | €33,000 + CBL 21½ % |
| 8/3/2009 | Fuarthas €16,000 ó RÚSC Tta agus lóisteáladh é seo | | Admháil Uimh. 34 |
| 9/3/2009 | Íocadh COILL Tta | Seic Uimh. 58 | €12,000 |

(16)

**(C)** Comhardaigh na cuntais ar an 31 Márta 2009 agus bain amach Comhardú Trialach mar a bheadh ar an dáta sin.

(9)

**(40 marc)**

**2.** 

**Ceist í seo a bhainean le Ceannachán, Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** **(i)** Gan trácht ar chostas earraí, lascaine thrádála agus an ráta CBL, ainmnigh **trí** ghiota eolais go mbeadh súil ag ceannaitheoir leo i luachan.

**(ii)** Cén **dá** nós imeachta a mholfá do ghnólacht agus iad ag próiseáil luachana a fuair said?

(10)

**(B)** Fuair COISBHEART UÍ CHATHASAIGH Tta, 19 Sráid Bhaile Átha Cliath, Sligeach, luachan Uimh. 72 ó COSACHEART Tta, 30 Bóthar Chaisleán an Bharraigh, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo le haghaidh na n-earraí seo a leanas ar an 1 Bealtaine 2009.

| | |
|---|---|
| 60 péire Traenálaithe Bána tomhais éagsúla | @ €50 an péire |
| 30 péire Buataisí Rubair glasa tomhais éagsúla | @ €20 an péire |
| 10 bpéire Bróga Tí tomhais éagsúla | @ €10 an péire |
| 35 péire Bróg Peile tomhais éagsúla | @ €56 an péire |

Thaispeáin an luachan gurbh é an lascaine thrádála a bhí ar fail ná 20% agus CBL 21½%.

Glacadh leis an luachan do na traenálaithe bána, buataisí rubair glasa agus bróga tí, agus chuir COISBHEART Uí CHATHASAIGH Tta ordú isteach le haghaidh na n-earraí seo ar an 19 Bealtaine 2009.

Cuir i gcás gur tusa Matilda Ní Chathasaigh, an bainisteoir ceannacháin. Comhlánaigh an Fhoirm Ordaithe Uimh. 45 *ar an mbileog curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(11)

**(C)** Fuair COISBHEART Uí CATHASAIGH Tta an coisbheart ar an 1 Meitheamh 2009. Nuair a scrúdaigh Matilda Ní Chathasaigh an coisbheart fuair sí amach go raibh deich bpéire traenálaithe díobh buí.

Rinne sí gearán le COSACHEART Tta agus thoiligh siad Nóta Creidmheasa Uimh. 32 a chur chuici.

**(i)** Comhlánaigh an Nóta Creidmheasa Uimh. 32 ar an 4 Meitheamh 2009 *ar an mbileog curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

**(ii)** Déan eisiúint an Nóta Creidmheasa a thaifeadadh sa Leabhar Aischur Isteach ag COSACHEART Tta *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(19)

**(40 marc)**

**3.** **Baineann an cheist seo le Margaíocht.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Toisc go raibh sé beartaithe cáin a chur ar spásanna páirceála sa láthair oibre, chinn ARDOROTHAR Tta, deantóir rothar, ar thaighde margaidh a dhéanamh chun a fháil amach an raibh tóir ar shaghas nua rothair.

Seo a leanas na torthaí a bhí ar an taighde margaidh:

- ba cheart go mbeifi ábalta an rothar a fhilleadh um a chéile agus a stóráil go héasca nuair nach mbeadh sé in úsáid;
- ba cheart go mbeadh an rothar ar fáil i gcúig dathanna difriúla agus i dtrí tomhais difriúla.

Chinn ARDOROTHAR Tta ar rothar nua infhillte ar ar ghlaoigh siad an FUB4U a chur ar an margadh ar an 1 Iúil 2009. Beidh sé ar fáil i gcúig dathanna agus i dtrí tomhais. Chomh maith leis sin beidh mála leis chun an rothar a stóráil ann. Is féidir an rothar a chur le chéile i bhfiche soicind agus beidh meáchan 8 gcileagram ann. Cosnóidh sé €390 chun an FUB4U a dhéanamh. Is é an praghas díolta a bheidh air ná an costas móide 30%. Beidh sé le ceannach i siopaí rothar maithe ón 2 Iúil 2009.

Nóta: *Tá rothar infhillte á dhíol ag iomaitheoir BRISÍOSROTH Tta ar €600 agus tá sé ar fáil i dtomhas agus i ndath amháin.*

**(A)** Ríomh praghas díolta an FUB4U. (4)

**(B)** Mínigh, le samplaí, **dhá** mhodh chun taighde margaidh a dhéanamh. (8)

**(C)** Dréachtaigh fógra oiriúnach agus meallacach a d'fhéadfaí a úsáid chun an rothar nua infhillte a lainseáil ar an margadh. (16)

**(D)** Gan trácht ar fhógraí, mínigh **trí** mhodh a d'fhéadfadh ARDOROTHAR Tta a úsáid chun an FUB4U a chur chun cinn. (12)

**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair DE BRÚN Tta ar an 31 Bealtaine 2009.
Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 500,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| **COMHARDÚ TRIALACH DE BRÚN Tta ar an 31 Bealtaine 2009** | **Dr**<br>**€** | **Sr**<br>**€** |
|---|---|---|
| Ceanacháin agus Díolacháin | 116,000 | 280,000 |
| Stoc Tosaigh 1/6/2008 | 16,000 | |
| AischuirAmach | | 6,000 |
| Carraeireacht Isteach | 2,500 | |
| Fógraíocht | 8,000 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 19,000 | 15,700 |
| Coimisiún Infhaighte | | 3,200 |
| Pá | 28,000 | |
| Drochfhiacha | 3,600 | |
| Iasacht 20 bliain | | 30,000 |
| Feithiclí Mótair | 80,000 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 6,000 |
| Airgead Tirim | 7,800 | |
| Trealamh | 150,000 | |
| Foirgnimh | 330,000 | |
| Scairchaipiteal Eisithe: 420,000 Gnáthscair ar €1 an ceann. | | 420,000 |
| | 760,900 | 760,900 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntas, Trádála, Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** DE BRÚN Tta a ullmhú don bhliain dar críoch 31 Bealtaine 2009 maille le **Clár Comhardaithe** ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit mar a bheadh ar an 31 Bealtaine 2009.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc Deiridh | €19,000 |
| (ii) | Fógraíocht Dlite | € 1,600 |
| (iii) | Coimisiún Infhaighte dlite | € 1,400 |
| (iv) | Carraeireacht Isteach réamhíoctha | € 500 |
| (v) | Dímheas: Feithiclí Mótair | 10% |
| | Trealamh | 12% |
| (vi) | Díbhinní fógraithe | 8% |

(35)

**(B)** Luaigh **dhá** mhodh trínar féidir le DE BRÚN Tta a dhrochfhiacha a laghdú.

(5)

**(40 marc)**

**5.** **Ceist í seo a bhaineann le Scríobh Tuairiscí, Téarmaí Gnó agus Measúnú Gnó**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Bhí Mairtín Ó Ceallaigh 10 Sráid Laoise, Ceatharlach, ag léamh na leathanach airgeadais i nuachtán laethúil nuair a thug sé faoi deara na téarmaí gnó seo a leanas:

*Scairchaipiteal Eisithe; Comhthaobhacht; Róthrádáil; Sócmhainneacht.*

Cuir i gcás gur tusa Brenda Ní Nualláin, Comhairleoir Airgeadais, 14 Sráid an Ché, Port Láirge. Iarrann Máirtín ort cabhrú leis aon **trí** téarmaí díobh a mhíniú.
Scríobh tuairisc, ar dháta an lae inniu, chuig Mairtin Ó Ceallaigh, ag míniú aon **trí** téarmaí díobh thuas.

(20)

**(B)** Soláthraíonn MAC SEÓIN Tta na torthaí seo a leanas don bhliain dar críoch 31 Bealtaine 2008.

| | |
|---|---|
| Ráta Láimhdeachas Stoic | 5 uaire |
| Céatadán an Bhrabúis Ghlain | 12% |
| Cóimheas Fíorthástála | 3.5 : 1 |
| Toradh ar Chaipiteal in Úsáid | 4% |

Soláthraíonn MAC SEÓIN Tta an t-eolas seo a leanas don bhliain dar críoch 31 Bealtaine 2009:

| | |
|---|---|
| Díolacháin Glan | €300,000 |
| Stoc Tosaigh | € 40,000 |
| Stoc Deiridh | € 20,000 |
| Costas Díolachán | €150,000 |
| Brabús Glan | € 45,000 |
| Sócmhainní Reatha (stoc deiridh san áireamh) | €360,000 |
| Fiachais Reatha | €110,000 |
| Capiteal in Úsáid | €750,000 |

**(i)** Ag baint úsáide as an eolas 2009 thuas, ríomh na cóimheasanna seo a leanas:
Ráta láimhdeachas Stoic
Ceatadán an Bhrabúis (chorrlach) Ghlain
Cóimheas Fíorthástála
Toradh ar Chaipiteal in Úsáid.

**(ii)** Déan comparáid idir feidhmíocht MAC SEÓIN Tta i 2009 agus i 2008.

(20)
**(40 marc)**

**6.** **Is ceist í seo ar Chineálacha Úinéireachta agus ar Fhoirmiú Comhlachta**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** **(i)** Mínigh cad is comharchumann ann.

**(ii)** Tabhair sampla de chomharchumann san earnáil airgeadais.

(5)

**(B)** Déan comparáid idir Trádálaithe Aonair agus Comhlachtaí Príobháideacha Teoranta faoi na ceannteidil seo a leanas:

(i) Úinéireacht

(ii) Dliteanas

(iii) Rialú

(iv) Brabús

(12)

**(C)** Ar an 1 Meitheamh 2009 bhunaigh Nóra Ní Chléirigh, 26 Páirc Nutley, Gaillimh, agus Pádraig Ó Canainn, Port Omna, Co. na Gaillimhe, Comhlacht Príobháideach Teoranta ar ar ghlaoigh siad IARIOMÁNA Tta. D'ullmhaigh siad Meabhrán Comhlachais agus sheol said ar aghaidh é, in éineacht leis na doiciméid a bhí riachtanach, go dtí Cláraitheoir na gCuideachtaí.

Is iad cuspóirí IARIOMÁNA Tta ná déantúsaíocht agus díolachán camán.
Is é Scairchaipiteal Údaraithe IARIOMÁNA Tta ná 300,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

Ar an 10 Meitheamh 2009 cheannaigh Nóra Ní Chléirigh 45,000 gnáthscair agus cheannaigh Pádraig Ó Canainn 50,000 gnáthscair. Lóisteáladh an t-airgead a fuarthas as eisiúint scaireanna i gcuntas bainc an chomlachta.

Iarrtar ort:

**(i)** **Dhá** dhoiciméad, gan trácht ar an Meabhrán Comhlachais, a ainmniú, a chuirfeadh IARIOMÁNA Tta chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí agus an comhlacht á fhoirmiú acu *ar an mbileog curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

**(ii)** Comhlánaigh an Meabhrán Comhlachais *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

**(iii)** Déan an eisiúint gnáthscaireanna ar an 10 Meitheamh 2009 a thaifeadadh i gCuntas Gnáth-scairchaipitil agus i gCuntas Bainc IARIOMÁNA Tta *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(23)

**(40 marc)**

LEATHANACH BÁN